Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1290

6.5.2024

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1290 ÓN gCOIMISIÚN

## an 29 Feabhra 2024

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun sorbáit photaisiam a áireamh mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha ([1]) a úsáid agus a chur ar fáil ar an margadh, agus go háirithe Airteagal 28(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Aibreán 2022, fuair an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') iarratas ar nítrigin a ghintear ón aer comhthimpeallach a áireamh mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, a cuireadh faoina bráid i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 88/2014 ([2]) ón gCoimisiún. Is é údarás inniúil na Gearmáine a rinne meastóireacht ar an iarratas.

(2) Chuir an t-údarás inniúil meastóireachta an tuarascáil mheasúnachta, mar aon lena chonclúidí, faoi bhráid na Gníomhaireachta an 14 Deireadh Fómhair 2022. Agus an tuarascáil mheasúnachta curtha isteach, tionóladh pléití ag cruinnithe teicniúla a d'eagraigh an Ghníomhaireacht.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 75(1), an dara fomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ullmhaíonn an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht maidir leis na hiarratais ar shubstaintí gníomhacha a áireamh in Iarscríbhinn I. I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) Uimh. 88/2014 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 75(1) agus (4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ghlac an Coiste um Tháirgí Bithicídeacha an tuairim ón nGníomhaireacht an 1 Márta 2023 ([3]), ag féachaint do chonclúidí an údaráis inniúil meastóireachta.

(4) Sa tuairim uaithi, tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid nach ábhar imní í nítrigin a ghintear ón aer comhthimpeallach de réir bhrí Airteagal 28(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, agus gur féidir í a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin dá bhrí sin, ar choinníoll go gcuimseofaí sna hiarratais ar údaruithe táirge fianaise go seachnaítear nochtadh an úsáideora agus an phobail i gcoitinne d'atmaisféar hiopocsach agus, i gcás inarb iomchuí, go nglactar na bearta is gá.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/2022-04-15
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 88/2014 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2014 lena sonraítear nós imeachta maidir le leasú Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh agus a úsáid (IO L 32, 1.2.2014, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/88/oj).
([3]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha ar iarratas na substainte gníomhaí nítrigin a ghintear ón aer comhthimpeallach ar a bheith san áireamh in Iarscríbhinn I, catagóir 2; ECHA/BPC/372/2023; arna glacadh an 1 Márta 2023.

(5) Agus an tuairim ón nGníomhaireacht á cur san áireamh, is iomchuí nítrigin a ghintear ón aer comhthimpeallach a áireamh in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, faoi réir chomhlíonadh an choinníll arna leagan amach ag an nGníomhaireacht. Ós rud é go n-áirítear nítrigin in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), ba cheart di a bheith san áireamh i gcatagóir 2 'Substaintí a áirítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 1907/2006' de Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Feabhra 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), agus lena gcruthaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE, Treoir 93/67/CEE, Treoir 93/105/CE agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/2014-04-10).

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, i gCatagóir 2 de Liosta de na substaintí gníomhacha dá dtagraítear in Airteagal 25(a), cuirtear an iontráil seo a leanas léi:

| Uimhir EC | Ainm/grúpa | Srian | Nóta tráchta |
|---|---|---|---|
| '— | Nítrigin a ghintear ón aer comhthimpeallach | Ba cheart fianaise a bheith san áireamh le hiarratais ar údaruithe táirge go seachnaítear nochtadh an úsáideora agus an phobail i gcoitinne d'atmaisféar hiopocsa agus, i gcás inarb iomchuí, go ndéantar na bearta is gá. | —' |